

Clár na dTogthóirí



Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

1. Réamhrá.....	3
2. Coinníollacha do Chlárú	3
3. Ullmhú an Chláir	4
4. Liosta na bPostvótálaithe	6
5. An Liosta Vótálaithe Speisialta	7
6. Forlíonadh do Chlár na dToghthóirí	7
7. Forlíontaí do Liosta na bPostvótálaithe agus don Liosta Vótálaithe Speisialta	9
8. Athrú ar an Seoladh.....	9
9. Clár na dToghthóirí a Iniúchadh	10
10. An Dlí Clárúcháin.....	10
11. Bileoga Eile.....	11

CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

1. Réamhrá

Ionas gur féidir vótáil ag toghchán nó reifreann, caithfidh ainm duine a bheith curtha ar chlár na dtoghthóirí don cheantar ina mbíonn gnáthchónaí ar an toghthóir. Bíonn ar údaráis chlárúcháin (comhairle contae agus cathrach) de réir dlí clár toghthóirí a ullmhú agus a fhoilsiú gach bliain. Tagann an clár i bhfeidhm an 15^ú Feabhra agus baintear úsáid as ag gach toghchán agus reifreann a thionóltar sna 12 mí ina dhiaidh sin.

Ó 2004, bíonn ar na húdaráis chlárúcháin dhá leagan den chlár a fhoilsiú – an clár iomlán agus an clár faoi eagarthóireacht. Liostaíonn an clár iomlán gach duine atá i dteideal vóta a chaitheamh agus ní féidir é a úsáid ach amháin chun críche toghcháin nó chun críche reachtúla eile. Beidh ainmneacha agus seoltaí daoine ar féidir a mionsonraí a úsáid chun críche seachas críoch toghcháin nó críoch reachtúil eile, m.sh. d'úsáid margaíochta díri ag eagraíocht tráchtála nó eile, sa chlár faoi eagarthóireacht (féach mír. 3).

2. Coinníollacha do Chlárú

Is iad na coinníollacha:

Aois: caithfidh duine a bheith 18 mbliana d'aois ar a laghad an lá a dtagann an clár i bhfeidhm (Feabhra 15^ú). Tá gach cónaitheoir atá 18 mbliana d'aois nó níos sine i dteideal a bheith ar an gclár.

Saoránacht: cé go bhfuil gach cónaitheoir aosach i dteideal a bheith cláraithe, caithfidh an t-údarás clárúcháin saoránacht duine a bheith ar eolas aige mar gur saoránacht a chinneann na toghcháin ag a bhféadfaidh duine vótáil. Is é an dáta cáilitheach do shaoránacht ná an 1^ú Meán Fómhair sula dtagann an clár i bhfeidhm. Is mar seo a leanas an ceart vótála:

- Féadfaidh **Saoránaigh d'Éirinn** vóta a caitheamh ag gach toghchán agus reifreann;
- Féadfaidh **Saoránaigh den Bhreatain** vóta a caitheamh ag toghchán Dála, ag Toghchán Eorpach agus ag Toghchán Áitiúil;
- Féadfaidh **saoránaigh eile AE** vóta a chaitheamh ag Toghchán Eorpach agus ag Toghchán Áitiúil;
- Is ag toghchán áitiúil amháin a fhéadfaidh **saoránaigh nach den AE iad** vóta a chaitheamh.

Cónaí: caithfidh gnáthchónaí a bheith ar dhuine ag an seoladh atá i gceist an 1^ú Meán Fómhair sula dtagann an clár i bhfeidhm. **Ní fhéadfaidh duine a bheith cláraithe ach ag seoladh amháin.** Má bhíonn níos mó ná seoladh amháin ag duine (m.sh. go bhfuil duine ina chónaí ón mbaile chun freastal ar choláiste), ba chóir a chur in iúl don údarás clárúcháin cén seoladh ar mian leis an duine a bheith cláraithe aige.

Féadfaidh duine a fhágann a ghnáthchónaí nó a gnáthchónaí agus é ar intinn aige nó aici filleadh laistigh de ocht mí dhéag leanúint de bheith cláraithe ansin, faoi réir ag an gcoinníoll sáraitheach nach bhféadfaidh duine a bheith cláraithe ach ag aon seoladh amháin. Ba chóir go mbeadh duine a bhíonn as láthair ar bhonn sealadach óna ghnáthsheoladh nó óna gnáthsheoladh, mar shampla ar saoire, in ospidéal nó ar chúrsa fostaíochta, cláraithe ag a ghnáthsheoladh nó ag a gnáthsheoladh. Níor chóir cuairteoir nó duine a bhíonn ag fanacht go sealadach ag an seoladh a bheith cláraithe.

3. **Ullmhú an Chláir**

Déanann an t-údarás clárúcháin fiosruithe ó theach go teach nó fiosruithe áitiúla eile chun críche an dréacht-chlár a mbeidh feidhm leis ón 15^ú Feabhra an bhliain ina dhiaidh sin a ullmhú. I go leor cásanna, is éard a bheidh i gceist leis sin ná foirmeacha clárúcháin (RFA) a sheachadadh chuig líonta tí lena gcomhlánú. D'fhéadfadh sé go n-iarrfadh údarás clárúcháin ar dhuine fianaise scríbhinne a thabhairt ar aird chun tacú le hincháilitheacht chun vótála, m.sh. deimhniú breithe nó deimhniú eadóirseachta i gcás saoránachta.

Foilsítear an dréacht-chlár an 1^ú Samhain agus, mar chuid den fheachtas faisnéise poiblí bliantúil, cuirtear ar fáil é lena iniúchadh ag oifigí poist, ag leabharlanna poiblí, ag stáisiúin Gardaí, ag tithe cúirte agus ag oifigí údaráis áitiúil go dtí an 25^ú Samhain agus iarrtar ar an bpobal an dréacht a sheiceáil le linn na tréimhse sin lena chinntiú go bhfuil siad cláraithe i gceart.

Ba chóir aon earráidí nó easnaimh sa dréacht a thabhairt ar aird an údaráis chlárúcháin láithreach.

Is é nó í an cláraitheoir contae, ar oifigeach cúirte cáilithe go dlíthiúil é nó í, a rialaíonn éilimh chun ainmneacha a chur ar an gclár nó ainmneacha a scriosadh ón gclár. Déantar an rialú go poiblí agus féadfaidh aon duine freastal agus fianaise a thabhairt. Cuirtear cinneadh an chláraitheora contae in iúl do dhaoine leasmhara. Féadfar achomharc a dhéanamh sa chúirt chuarda in aghaidh chinneadh chláraitheoir contae. Bíonn an próiseas éileamh ann idir an 25^ú Samhain agus an 23^ú Nollaig gach bliain.

Ní chiallaíonn ainm a bheith san áireamh ar dhréacht-chlár go mbeidh an duine ainmnithe i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghcháin ná i reifrinn a bheadh ar siúl sula dtiocfaidh an clár i bhfeidhm an 15^ú Feabhra ina dhiaidh sin. Tá sin amhlaidh toisc nach bhfuil siad cláraithe faoi láthair le vóta a chaitheamh. Ní mór d'aon vótálaí incháilithe lena mbaineann an staid sin iarratas a dhéanamh iad a chur san áireamh ar an **bhforlíonadh** don chlár reatha – féach alt 6 thíos – más mian leo vóta a chaitheamh i dtoghchán nó i reifreann den sórt sin.

An Clár faoi Eagarthóireacht: Mar atá mínithe i mír 1, bíonn ainmneacha agus seoltaí daoine ar féidir a mionsonraí a úsáid chun críche seachas críoch toghcháin nó críoch reachtúil eile, m.sh. d'úsáid margaíochta dírí ag eagraíocht thráchtála nó eile, sa chlár faoi eagarthóireacht.

Murar mian leat do chuid mionsonraí a bheith ar an gclár faoi eagarthóireacht ba chóir duit tic a chur sa bhosca “rogha eisiaimh” ar an RFA. Má tá an fhoirm á

comhlánú agat thar ceann daoine eile sa teach ba chóir duit seiceáil leosan maidir lena bhfuil ar intinn acu faoi bheith ar an gclár faoi eagarthóireacht.

Foilsítear an clár críochnaitheach an 1^ú Feabhra agus tagann sé i bhfeidhm an 15^ú Feabhra do thréimhse de bhliain amháin.

4. Liosta na bPostvótálaithe

Ullmhaíonn na húdaráis chlárúcháin liosta postvótálaithe mar chuid de chlár na dtoghthóirí. Caithfear iarratais le bheith ar an liosta a bheith faighte faoin 25^ú Samhain ar a dhéanaí.

Tá na catagóirí daoine seo a leanas cláraithe mar phostvótálaithe:

- comhaltaí lánaimsire de na Fórsaí Cosanta – féadfaidh comhaltaí a bhfuil cónaí orthu i mbeairic mhíleata a bheith cláraithe ag an mbeairic nó ag a seoladh baile;
- Taidhleoirí Éireannacha atá fostaithe thar lear agus a gcéilí/páirtneirí sibhialta – bíonn siad cláraithe ag a seoladh baile in Éirinn;
- comhaltaí áirithe foirne toghcháin a bheadh ag obair ag an vótaíocht lamsuigh den toghcheantar ina gcónaíonn siad.

Féadfaidh na catagóirí daoine seo a leanas iarratas a dhéanamh ar chlárú mar phostvótálaithe:

- comhaltaí den Gharda Síochána (an fórsa póilíní);
- daoine atá ina gcónaí sa bhaile agus nach bhfuil ar a gcumas dul chuig stáisiún vótaíochta chun vótála mar gheall ar thinneas coirp nó mar gheall ar mhíchumas coirp;

- daoine ar dócha go gcuirfidh a slí bheatha cosc orthu vótáil ag an stáisiún vótaíochta áitiúil lá an toghcháin, lena n-áirítear mic léinn lánaimseartha atá cláraithe sa bhaile ach a bhfuil cónaí orthu in áit éigin eile fad a bhíonn siad ag freastal ar fhoras oideachais sa Stát; agus
- toghthóirí nach mbeidh ar a gcumas vótáil ag a n-áit vótaíochta de bharr imthosca a gcoinneála i bpríosún de bhun ordaithe ó chúirt.

Is leis an bpost amháin a fhéadfaidh toghthóir a bhíonn cláraithe mar phostvótálaí vóta a chaitheamh agus ní fhéadfaidh sé nó sí vótáil ag stáisiún vótaíochta.

5. An Liosta Vótálaithe Speisialta

Mar chuid de chlár na dtoghthóirí, ullmhaíonn na húdaráis chlárúcháin liosta vótálaithe speisialta freisin a bhíonn comhdhéanta de thoghthóirí a bhfuil tinneas coirp orthu nó atá faoi mhíchumas coirp a bhíonn ina gcónaí in ospidéal, i dtithe altranais nó i bhforais mar iad agus ar mian leo vótáil ag na háiteanna sin. Chun cáiliú, caithfidh sé gur dócha go mairfidh tinneas coirp nó míchumas coirp an toghthóra ar feadh tréimhse an chláir agus go gcuirfidh sé cosc air nó uirthi dul go dtí stáisiún vótaíochta chun vóta a chaitheamh.

Caithfear iarratais le bheith ar an liosta vótálaithe speisialta a bheith déanta faoin 25^ú Samhain agus – i gcás an chéad iarratais – caithfidh deimhniú liachta a bheith ina theannta.

Vótálann toghthóirí an liosta vótálaithe speisialta ag an ospidéal, teach altranais etc. ina mbíonn siad ina gcónaí trí mharc a chur ar pháipéar ballóide a thugann oifigeach ceannais speisialta dóibh agus Garda ina theannta nó ina teannta.

Tá bileog ar leithligh sa tsraith seo ina bhfuil eolas do vótóirí faoi mhíchumas.

6. Forlónadh do Chlár na dToghthóirí

Mar a leagtar amach in alt 3 thuas, mura mbíonn duine ar chlár na dtoghthóirí atá i bhfeidhm faoi láthair ach má mheasann sé nó sí go bhfuil sé nó sí incháilithe do chlárú, féadfaidh an duine sin iarratas a dhéanamh a ainm nó a hainm a chur ar fhorlónadh don chlár a fhoilsítear roimh an lá vótaíochta ag gach toghchán agus reifreann. Le bheith i dteideal a bheith ar an bhforlónadh, caithfidh duine:

- a bheith 18 mbliana d'aois ar a laghad an lá vótaíochta nó roimhe;
- a bheith ina ghnáthchónaí nó ina gnáthchónaí ag an seoladh ag ar mian leis nó léi a bheith cláraithe; agus
- **gan** a bheith cláraithe mar thoghthóir ag aon seoladh eile.

Mar a bhíonn i gcás chlár na dtoghthóirí saoránacht a shocraíonn cibé an bhfuil duine, atá ar an bhforlónadh do chlár na dtoghthóirí, i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghcháin agus i reifrinn nó nach bhfuil.

Ní mór iarratas le dul ar an bhforlónadh don Chlár a bheith sínithe ag an iarratasóir i láthair chomhalta den Gharda Síochána as stáisiún Gardaí áitiúil an iarratasóra agus ní mór don Gharda sin a bheith sásta maidir le céannacht an té sin sula ndéanfaidh sé/sí an fhoirm a shíniú, a dhátú agus a stampáil. Féadfaidh an Garda céannacht fótagrafach nó eile a iarraidh. Sa chás go gcuireann an t-iarratasóir in iúl i scríbhinn nach bhfuil sé/sí in ann an t-iarratas a chur ar aghaidh ar an mbealach seo, is féidir an fhoirm a shíniú i láthair oifigeach de chuid an údaráis clárúcháin nuair a bheidh an t-oifigeach sin sásta maidir le céannacht an té sin. Arís, féadfar céannacht fótagrafach nó eile a iarraidh. Mura bhfuil ceachtar rogha indéanta de bharr tinnis coirp nó míchumais coirp, ní foláir teastas dochtúra a chur isteach leis an bhfoirm iarratais.

Caithfidh iarratas le bheith ar an bhforlónadh a bheith faighte ag an údarás clárúcháin 15 lá oibre ar a laghad roimh an lá vótaíochta (gan Domhnaigh,

Aoine an Chéasta no Laethanta Saoire Poiblí a chur san áireamh) chun go mbreithneofar é don toghchán nó reifreann sin. Cé go ndéantar formhór na n-iarratas le bheith ar an bhforlíonadh don chlár ag breith suas ar thoghchán nó reifreann, féadfar iarratas a dhéanamh tráth ar bith ó bhíonn an toghthóir incháilithe le cur ar an bhforlíonadh. Bíonn daoine a bhíonn ar an bhforlíonadh i dteideal vótáil ag toghcháin/reifrinn a thionóltar le linn reathacht an chláir.

7. Forlíontaí do Liosta na bPostvótálaithe agus don Liosta Vótálaithe Speisialta

Féadfaidh toghthóirí atá incháilithe do liosta na bpostvótálaithe nó don liosta vótálaithe speisialta, ach nach bhfuil ar na liostaí sin, iarratas a dhéanamh lena gcur ar an bhforlíonadh iomchuí do na liostaí sin a fhoilsítear roimh gach toghchán agus reifreann.

Is é an dáta is deireanaí chun iarratais ar an bhforlíonadh a fháil ag na húdaráis chlárúcháin roimh vótaíocht ná dhá lá tar éis dáta lánscore na Dála i gcás olltoghcháin agus dhá lá tar éis an t-ordú um lá vótaíochta a bheith déanta i gcás chorrthoghcháin Dála. I gcás toghcháin Uachtaráin, toghcháin Eorpaigh nó toghcháin áitiúil nó i gcás Reifrinn caithfidh iarratas le bheith ar an bhforlíonadh a bheith faighte ag an údarás clárúcháin 22 lá oibre ar a laghad roimh an lá vótaíochta (gan Domhnaigh, Aoine an Chéasta no Laethanta Saoire Poiblí a chur san áireamh) chun go mbreithneofar é don toghchán nó reifreann sin.. Faoi mar is amhlaidh do ghnáthfhorlíonadh don chlár, áfach, féadfar iarratas ar ainm a chur ar fhorlíonadh postvótálaithe agus vótálaithe speisialta a dhéanamh tráth ar bith ó bhíonn an toghthóir incháilithe le cur ar an bhforlíonadh.

8. Athrú ar an Seoladh

Ó 2002, féadfaidh duine atá ar chlár na dtoghthóirí agus a athraíonn a áit chónaithe nó a háit chónaithe ó thoghlach amháin go toglach eile nó laistigh den toglach céanna (toghlímistéar áitiúil difriúil) iarratas a dhéanamh a bheith ar an bhforlíonadh ag a seoladh nua, ar an gcoinníoll go dtugann siad údarás don údarás clárúcháin a n-ainm a scríosadh den chlár i ndáil lena

seoladh roimhe sin. Caithfidh an t-iarratas a bheith sínithe agus stampáilte ag Stáisiún Gardaí agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le céannacht ghrianghraif.

Le bheith san fhorlíonadh tar éis athrú ar an seoladh caithfidh duine:

- a bheith ar an gclár cheana i ndáil lena seoladh roimhe sin; agus
- a bheith ina ghnáthchónaí nó ina gnáthchónaí ag an seoladh ag ar mian leis nó léi a bheith cláraithe anois.

9. Clár na dTogthóirí a Iniúchadh

Féadfaidh aon duine an clár, an dréacht-chlár nó an clár faoi eagarthóireacht a iniúchadh le linn uaire oibre ag oifigí an údaráis chlárúcháin nó an chláráitheora contae agus ag leabharlanna poiblí, oifigí poist agus stáisiúin Gardaí. Féadfar cóip den chlár, nó sleachta de, a cheannach ón údarás clárúcháin ar tháille de sheasca trí cent don chéad chéad ainm, móide trí cent déag do gach céad ainm ina dhiaidh sin. Soláthraítear cóipeanna den chlár saor in aisce d'ionadaithe poiblí tofa agus d'iarrthóirí toghcháin.

Ó chaitear clár iomlán agus clár faoi eagarthóireacht a fhoilsiú ón 1^ú Samhain 2004, is cion é úsáid a bhaint as mionsonraí ar an gclár iomlán chun aon chríche seachas críoch toghcháin nó reachtúil eile.

10. An Dlí Clárúcháin

Ní airbheartaíonn an fhaisnéis atá tugtha sa leabhrán seo a bheith ina ráiteas deifínideach den dlí ar chlárú toghthóirí. Tá an dlí leagtha amach i gCuid II den Acht Toghcháin 1992, agus sa Dara Sceideal atá ag gabháil leis; san Acht Toghcháin (Leasú) 1996; i gCuid VII agus in alt 76 den Acht Toghcháin 1997; san Acht Toghcháin (Leasú) 2001; san Acht Toghcháin (Leasú) 2002; san Acht Toghcháin (Leasú) 2004; san Acht Toghcháin (Leasú) 2005; san Acht Toghcháin (Leasú) 2006; san Acht Toghcháin (Leasú) 2007; san Acht Toghcháin (Leasú) 2009 agus san Acht Toghcháin (Leasú) 2012.

Tá na hAchtanna sin ar fáil ón Foilseachán Rialtais, 52 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2. Is féidir iad a íoschóipeáil freisin ó láithreán gréasáin an Oireachtais ag www.oireachtas.ie

11. Bileoga Eile

Seo a leanas bileoga eile sa tsraith seo atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.environ.ie:

Mar a Thoghtar an tUachtarán

An Reifreann in Éirinn

Mar a Thoghtar an Dáil (Teach Íochtarach na Parlíminte)

Mar a Thoghtar an Seanad (Teach Uachtarach na Parlíminte)

Parlaimint na hEorpa: An tSlí a dToghtar Ionadaithe na hÉireann

Mar a Thoghtar Comhaltaí na nÚdarás Áitiúil

Eolas do Vótálaithe faoi Mhíchumas

An Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil

Meán Fómhair 2013